C/2024/6816

29.11.2024

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2024

maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na Spáinne

(C/2024/6816)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Cuireann an tSaoráid tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus cruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(2) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar acmhainneachtaí stórála agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Spáinn caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an teachtaireacht an t-iomaíochas a bhunú i dtaca le naoi spreagthach a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad an rochtain ar chaipiteal príobháideach, an taighde agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus na scileanna, agus margadh aonair feidhmiúil na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024'. Déantar cur síos sa teachtaireacht sin ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha den mhargadh aonair Eorpach, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2024 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí Shuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil inar shainaithin sé inti go bhfuil an Spáinn ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Spáinne 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([6]) ('Moladh 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro') an 12 Aibreán 2024 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Áirítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach, Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([7]) ón gComhairle arna leasú maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, agus Treoir 2011/85/AE ([8]) ón gComhairle arna leasú maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát. Is iad cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch nua airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Cuireann an creat rialachais eacnamaíoch nua úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ní mór do gach Ballstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. I bplean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta atá ag Ballstát, tá a ghealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 nó 5 bliana, de réir fhad rialta an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([9]) sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus sa mheántéarma, an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI, nó é a choinneáil faoi bhun an luacha tagartha sin. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóiriúcháin agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, is féidir síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún treoir an 21 Meitheamh 2024 maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit ina bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta agus ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. I gcomhréir le hAirteagail 5 agus 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, tharchuir an Coimisiún conairí tagartha agus faisnéis theicniúil chuig na Ballstáit, i gcás inarbh infheidhme. Ní mór do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. I gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit a ndréachtphleananna meántéarmacha a phlé lena bparlaimintí náisiúnta, féadfaidh siad a iarraidh ar na hinstitiúidí

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj).

([6]) Moladh ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2024/2807, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2807/oj).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

([8]) Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

([9]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan (i) ar úschaiteachas, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an tAontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

fioscacha neamhspleácha tuairim a eisiúint, agus féadfaidh siad comhairliúchán a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí náisiúnta eile.

(6) In 2024, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 30 Aibreán 2021, chuir an Spáinn a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne ([10]), a leasaíodh an 10 Deireadh Fómhair 2023 de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun caibidil REPowerEU a chur san áireamh ([11]). Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina sonraítear go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an Spáinn. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 19 Meitheamh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 don Spáinn. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Spáinne ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí i ndáil leis na dúshláin sin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, nó nár tugadh aghaidh orthu ann ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Spáinne ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(9) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an Spáinn faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin chun críoch an Rialacháin sin, ar measúnú é ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha atá ann i gcás na Spáinne, foilsíodh iad i mí an Mhárta 2024. An 19 Meitheamh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa Spáinn a thuilleadh. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le leochaileachtaí a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo a laghdú, leochaileachtaí a raibh baint acu le fiachas ard príobháideach agus seachtrach, agus laghdaíodh fiachas an rialtais chomh maith. Tar éis briseadh de dheasca ghéarchéim COVID-19, thosaigh cóimheasa fhiachas na hearnála príobháidí agus na staide diúltaí glaninfheistíochta idirnáisiúnta ag laghdú arís in 2021, rud a chabhraigh fás láidir OTI ainmniúil leis agus, i gcás na staide diúltaí glaninfheistíochta idirnáisiúnta, a chabhraigh barrachais leanúnacha sa chuntas reatha léi. Meastar go leanfaidh siad ag feabhsú sna blianta amach romhainn, ach go mbeidh an fás sin níos moille ná mar a bhí le déanaí ós rud é go bhfuiltear ag súil leis nach mbeidh an fás OTI ainmniúil chomh tacúil. Tá an cuntas reatha ina bharrachas le 10 mbliana anuas agus mhéadaigh sé a thuilleadh in 2023, rud a léiríonn an fás tapa atá ag teacht ar onnmhairí mar aon le praghsanna fuinnimh níos ísle. Tá an cóimheas ard idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI ag dul in ísle, mar gheall ar fhás láidir OTI ainmniúil, ach meastar go dtiocfaidh feabhas níos maolaithe ar an staid i mbliana agus an bhliain seo chugainn, rud a léiríonn easnaimh fhioscacha atá fós suntasach ach atá ag laghdú agus fás OTI ainmniúil nach bhfuil chomh tacúil. Tá an ráta dífhostaíochta ag dul i laghad le 10 mbliana anuas, agus meastar go leanfaidh sé ag titim. Tá an earnáil baincéireachta athléimneach go fóill, cé go bhfuil dálaí déine maoiniúcháin ann d'iasachtóirí. Tá dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh beartais de chun aghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí arna n-aithint, lena n-áirítear le blianta beaga anuas a bhuí le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, ach tá tuilleadh oibre de dhíth, go háirithe chun an t-ardfhiachas rialtais a laghdú.

(10) Bunaithe ar shonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Spáinne ó 4,7 % de OTI in 2022 go 3,6 % in 2023, agus thit an fiachas rialtais ghinearálta ó 111,6 % de OTI ag deireadh 2022 go 107,7 % ag deireadh 2023. Mar a fógraíodh sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Márta 2023 dar teideal 'Treoraíocht maidir leis an mbeartas fioscach le haghaidh 2024', tá an chéad chéim á tabhairt ag an gCoimisiún maidir leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh a oscailt, ar bhonn na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann cheana. An 19 Meitheamh 2024, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar staid

([10]) ST 10150/21 INIT; ST 10150/21 ADD 1; ST 10150/21 ADD 1 REV 1; ST 10150/21 ADD 1 REV 2.
([11]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne (ST 13695 23 INIT).

bhuiséadach na Spáinne, ós rud é, in 2023, gur sháraigh a heasnamh rialtais ghinearálta luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, i bhfianaise an mheasúnaithe sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais arna leagan amach de bhun Airteagal 126(4) den Chonradh a mheas, nach molfaidh an Coimisiún i mí Iúil 2024 tús a chur le nós imeachta um easnamh iomarcach le haghaidh na Spáinne.

(11) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh ([12]) an Spáinn beartas fioscach stuama a áirithiú in 2023, go háirithe trí theorainn a chur leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta faoi bhun an fháis aschuir fhéideartha mheántéarmaigh ([13]), agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. An tráth céanna, moladh don Spáinn a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Mhol sí don Spáinn freisin infheistíocht phoiblíle haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh a leathnú , agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir na réamh-mheastachán ón gCoimisiún, bhí an staid fhioscach ([14]) neodrach den chuid is mó, ag - 0,2 % de OTI. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, soláthraíodh ranníocaíocht chrapthach 0,3 % de OTI leis an staid fhioscach agus bhí sé i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Bhí an ranníocaíocht chrapthach de phríomhchaiteachas reatha a mhaoinítear go náisiúnta mar thoradh ar an laghdú 0,6 pointe céatadáin de OTI ar chostas na mbeart tacaíochta éigeandála (spriocdhírithe agus neamhdhírithe) do theaghlaigh agus gnólachtaí mar fhreagairt ar arduithe ar phraghsanna fuinnimh. Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil, bunaithe ar an athmheasúnú ar phinsin, agus tomhaltas idirmheánach, bunaithe ar an gcaiteachas ar an gcosaint, ba iad ba chúis leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim). Is éard a bhí i gceist le caiteachas arna mhaoiniú le deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais 1,3 % de OTI in 2023. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta 2,3 % de OTI in 2023, le méadú bliantúil 0,1 pointe céatadáin. Mhaoinigh an Spáinn infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais. Chuir sí infheistíocht phoiblí ar fáil don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus don tslándáil fuinnimh, amhail an tsraith uirlisí digiteacha, an PERTE ([15]) le haghaidh feithiclí leictreacha agus nasctha, áiteanna nua gairmoideachais agus gairmoiliúna agus infheistíochtaí i réimse na hidrigine glaise. Cistítear an infheistíocht phoiblí sin leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(12) Is féidir achoimre a dhéanamh ar an Uasdátú ar na Réamh-mheastacháin Mhaicreacnamaíocha agus Fhioscacha a sheol an Spáinn chuig an gCoimisiún an 30 Aibreán 2024 mar seo a leanas. Sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tá sé beartaithe go bhfásfaidh an fíor-OTI 2,0 % in 2024 agus 1,9 % in 2025, agus tuartar go dtiocfaidh fás 3,5 % ar an díbhoilsceoir OTI in 2024 agus 2,8 % in 2025. Meastar go laghdóidh an t-easnamh rialtais ghinearálta go 3,0 % de OTI in 2024 agus go 2,5 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le méadú go 105,5 % faoi dheireadh 2024 agus go 104,1 % faoi dheireadh 2025. Ní áirítear réamh-mheastacháin bhuiséadacha tar éis 2025 leis na réamh-mheastacháin a chuir an Spáinn isteach.

(13) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún go méadóidh an fíor-OTI faoi 2,1 % in 2024 agus 1,9 % in 2025, agus go seasfaidh boilsciú arna thomhas leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) ag 3,1 % in 2024 agus 2,3 % in 2025.

(14) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais de 3,0 % de OTI in 2024, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le laghdú go 105,5 % faoi dheireadh 2024. Léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2024 céimniú amach de réir a cheile na mbeart arna nglacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a bhí ann roimhe seo a mhaolú. De réir mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach neodrach ag 0,0 % de OTI in 2024.

(15) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 1,3 % de OTI é le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') faoin tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 0,7 % de OTI in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas arna mhaoiniú le deontais faoin tSaoráid, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú nó fiachas rialtais ghinearálta na

([12]) Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Spáinne agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 de chuid na Spáinne (IO C 334, 1.9.2022, lch. 70).

([13]) Ar bhonn réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gur 7,2 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach sa Spáinn in 2023, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

([14]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais. Léiríonn comhartha diúltach ar an táscaire beartas fioscach leathnaitheach ach léiríonn comhartha dearfach ar an táscaire beartas fioscach crapthach.

([15]) *Proyectos estratégicos para la recuperación y transformación económica* (Tionscadail straitéiseacha um téarnamh agus claochlú eacnamaíoch).

Spáinne. Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 1,0 % de OTI é le hiasachtaí faoin tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 0,0 % de OTI in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún.

(16) An 14 Iúil 2023, mhol an Chomhairle ([16]) don Spáinn beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 2,6 % a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta ([17]) in 2024. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a ndréachtphleananna buiséadacha do 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe, de bhun na sonraí olltoraidh do 2023. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 3,8 % ar ghlanchaiteachas príomhúil na Spáinne a mhaoinítear go náisiúnta in 2024 ([18]), atá os cionn an uasráta fáis a mholtar. 0,5 % de OTI in 2024 is é an caiteachas iomarcach sin os cionn an ráta fáis uasta a mholtar i nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta. Tá riosca ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(17) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Spáinn gníomhú chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Mhol an Chomhairle sa bhreis air sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, go n-áiritheoidh an Spáinn go mbeidh na bearta tacaíochta sin dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gur 0,9 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach ([19]) na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gur 0,2 % a bheidh i gceist in 2024, agus - 0,1 % in 2025. I measc rudaí eile, maidir leis an laghdú CBL ar ghás, an cháin speisialta ar leictreachas, na fóirdheontais iompair phoiblí agus an cúiteach leis na soláthraithe leictreachais chun costais a chumhdach agus easnamh a chosc, táthar ag súil leis go bhfanfaidh siad i bhfeidhm ar feadh cuid de 2024. Dá n-úsáidfí an coigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, mar a mhol an Chomhairle, thuigfí as na réamh-mheastacháin sin go mbeidh coigeartú fioscach 0,7 % de OTI ann in 2024, ach soláthraítear ranníocaíocht chrapthach 0,3 % de OTI ó ghlanchaiteachas príomhúil ([20]) a mhaoinítear go náisiúnta leis an staid fhioscach sa bhliain sin. Rinneadh na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh in 2023 agus 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Mar sin féin, ní mheastar go n-úsáidfear an coigilteas gaolmhar go hiomlán chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Tá riosca ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle.

(18) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Spáinn infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú uirthi ó 2,3 % de OTI in 2023 go 2,4 % de OTI in 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, meastar go méadóidh sé go 1,6 % de OTI in 2024 (ó 1,3 % de OTI in 2023).

(19) Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 2,8 % de OTI in 2025, agus go bhfásfaidh an glanchaiteachas 4,0 % in 2025. Meastar go laghdóidh an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI go 104,8 % faoi dheireadh 2025.

(20) Faoi rialacha nua an Aontais maidir le rialachas eacnamaíoch, beidh ar an Spáinn plean struchtúrach fioscach meántéarmach a fhorbairt chun an t-easnamh agus fiachas an rialtais a laghdú. Sa phlean sin, d'fhéadfaí glacadh bearta ioncaim agus caiteachais a chomhcheangal le hinfheistíochtaí agus athchóirithe chun fás eacnamaíoch níos láidre agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn. Is tír ardfhiachais í an Spáinn, a bhfuil struchtúr rialachais dílláraithe aici. I gcreat náisiúnta fioscach an rialtas láir, leagtar amach spriocanna do na réigiúin i ndáil le cothromaíocht struchtúrtha agus an cóimheas fiachais-OTI, agus i ndáil le huasráta fáis an chaiteachais ainmniúil (riail an chaiteachais). Chun a áirithiú go gcomhlíonfar rialacha nua an Aontais maidir le rialachas eacnamaíoch, d'fhéadfadh

([16]) Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na Spáinne um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Spáinne 2023 (IO C 312, 1.9.2023, lch. 77).

([17]) Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta agus atá glan ar (i) bhearta lánroghnacha ioncaim, (ii) caiteachas úis, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta, agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

([18]) Áirítear leis seo bearta aonuaire 0,2 % de OTI in 2024, a bhaineann le rialuithe cúirte dírithe ar an rialtas i ndáil le farasbarr cánacha ioncaim phearsanta agus cánacha ioncaim chorparáidigh san aimsir chaite a aisíoc le saoránaigh agus gnólachtaí.

([19]) Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

([20]) Déantar an ranníocaíocht sin a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha an rialtais ghinearálta, glan ar (i) tionchar buiséadach incriminteach na mbeart lánroghnach ioncaim, (ii) caiteachais aonuaire, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta agus (iv) caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas leis an meánráta fáis fhéideartha ar OTI ainmniúil sa mheántéarma (10 mbliana), arna shloinneadh mar chóimheas le OTI ainmniúil.

sé gur ghá an creat buiséadach náisiúnta a uasdátú. Meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an gcaiteachas a bhaineann le cúram sláinte, cúram fadtéarmach agus pinsin de bharr forbairtí déimeagrafacha. Maidir le pinsin, is féidir aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh inbhuanaitheachta fioscaí go meántéarmach agus go fadtéarmach, dá dtiocfaidís chun cinn, ach an 'clásal clabhsúir' a tugadh isteach le hathchóiriú 2023 a chur i bhfeidhm. Ba cheart go mbeidh athchóirithe cánach ina gcuid lárnach den straitéis comhdhlúthaithe fhioscaigh. Ina leith sin, na hathchóirithe a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena dtógtar ar na moltaí ó shaineolaithe a bhfuarthas idir an dá linn, tá sé d'aidhm acu an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) an córas cánachais a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos nua-aimseartha, agus é a chur in oiriúint do threochtaí nua; (ii) tacú leis an aistriú glas; agus (iii) ioncam a mhéadú agus cothromas a chur chun cinn. Ina theannta sin, bheadh deis ag an Spáinn tuilleadh ioncaim chánach a bhaineann leis an gcomhshaol a bhailiú (1,5 % de OTI in 2022 i gcomparáid le 2,0 % ráta comhiomlán an Aontais), lena n-áirítear tríd an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' a neartú. Féadfar méadú ar an cáin tomhaltais agus daoine leochaileacha á gcosaint le bearta cúiteacha spriocdhírithe a áireamh ar an ngníomhaíocht chun spriocanna an phlean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach; leis sin, neartófaí acmhainneacht aistrithe sóisialta chun laghdú a dhéanamh ar neamhionannas agus ar an mbochtaineacht, atá fós ard agus a mbíonn tionchar ar leith acu ar leanaí. Tá chur chun feidhme moltaí údarás fioscach neamhspleách na Spáinne (AIReF) ríthábhachtach maidir le cáilíocht agus éifeachtúlacht chaiteachas an rialtais a fheabhsú, agus bheadh buntáistí ann freisin dá gcuirfí an creat um athbhreithnithe ar chaiteachas chun feidhme ar bhealach uaillmhianach. Tá an méid sin ábhartha go háirithe maidir leis an gcúram sláinte, chun costéifeachtúlacht a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí sa rochtain agus cáilíocht réigiúnach, mar aon leis an infheistíocht shuntasach atá de dhíth sa chúram príomhúil.

(21) Ina theannta sin, anuas ar na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, d'fhéadfaí athléimneacht eacnamaíoch a neartú agus tacú le fás féideartha le hiarrachtaí breise, rud a chabhródh le bonn taca a chur faoi ghlacadh conair fhioscach níos céimsí. Tá réimse an ualaigh rialála agus an timpeallacht infheistíochta san áireamh leis sin. Go háirithe, athchóiriú ar an rialáil bunaithe ar mhéid i réimsí an tsaothair, na hiniúchóireachta agus an chánachais agus é mar aidhm sannadh caipitil agus lucht saothair a dhéanamh níos éifeachtúla, tacú le hinfheistíocht agus cuidiú le táirgiúlacht a fheabhsú. Laghdófaí saobhadh eacnamaíoch a thuilleadh ach aghaidh a thabhairt ar easnaimh san éifeachtúlacht bhreithiúnach. Bíonn go leor ama fós de dhíth chun cásanna sibhialta agus tráchtála a réiteach agus ní dhearnadh athnuachana ar Chomhairle na mBreithiúna fós, rud a chuireann bac ar bhreithimh ar ardleibhéal a ainmniú. Tá deis ann freisin tacú le tuilleadh athnuachana. Is féidir táirgiúlacht gnólachtaí a fheabhsú le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i T&F agus le naisc níos láidre leis an éiceachóras eolaíochta. Tá déine T&F na Spáinne, 1,4 % de OTI in 2022, fós marbhánta i gcomparáid le 2021 agus tá sé fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, 2,2 %, go príomha mar gheall ar an mbearna sa chaiteachas príobháideach (0,8 % de OTI, i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, 1,5 %). In ainneoin na mbeart sa phlean athbhreithnithe téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa arna nglacadh, is cosúil go bhfuil tuilleadh iarrachtaí fós de dhíth chun tacú le caiteachas príobháideach T&F agus leis an aistriú eolais idir comhlachtaí taighde príobháideacha agus poiblí. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh i measc na mbeart sonrach: (i) eagraíochtaí taighde phoiblí a dhíriú a thuilleadh ar an bhfeidhmíocht agus iad a dhéanamh níos proifisiúnta; agus (ii) comhordú an chórais eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta a fheabhsú maidir le taighde agus beartas nuálaíochta a dhearadh agus a chur chun feidhme thar leibhéil éagsúla rialtais.

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Spáinne leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Spáinn leanúint d'athchóirithe a chur chun feidhme agus dlús a chur le hinfheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha agus cumas láidir riaracháin á áirithiú san am céanna. Mar gheall ar mhéid agus ar chastacht an phlean téarnaimh agus athléimneachta, tá gá le gníomhaíochtaí sonracha chun a áirithiú gur féidir athchóirithe agus infheistíochtaí a chur i gcrích go hiomlán in am. Is amhlaidh an cás maidir le dúshláin a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin. Tá infheistíochtaí an-chomhchruinnithe i dtreo dheireadh na tréimhse chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme agus is fiú aird ar leith a thabhairt orthu. Tá deis ann freisin an comhordú idir na leibhéil éagsúla sa riarachán a neartú, agus chuirfeadh nósanna imithe cuíchóirithe dlús le glacadh cistí ag tairbhithe deiridh. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na gnéithe sin chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an méid suntasach cistí a bhainistítear le huirlisí airgeadais a leagtar amach sa phlean modhnaithe téarnaimh agus athléimneachta a ionsú. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean téarnaimh agus athléimneachta, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

(23) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar na cláir beartais comhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]), tá sé de cheangal ar an Spáinn gach clár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an Spáinn maidir leis na cláir beartais comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá dúshláin ann fós. Tá OTI *per capita* faoi bhun 75 % de mheán an Aontais in ocht réigiún de chuid na Spáinne. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme na gclár beartais comhtháthaithe agus acmhainneacht riaracháin a neartú ar gach leibhéal. Tá na tosaíochtaí a comhaontaíodh sna cláir fós ábhartha. Anuas ar bhearta maidir le hacmhainneacht riaracháin, tá sé an-tábhachtach go gcuirfear infheistíochtaí chun feidhme go tapa i ndáil le cumais nuálaíochta gnó agus T&F, go háirithe sna hearnálacha a sainaithníodh i straitéis réigiúnacha um speisialtóireacht chliste. Tá infheistíocht san aistriú glas, i gcomhréir leis an bplean náisiúnta fuinnimh agus aeráide, go háirithe infheistíochtaí i mbainistiú uisce, an geilleagar ciorclach, agus oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide fós ríthábhachtach, go háirithe sna réigiúin is mó a ndéantar difear dóibh mar shampla na hOileáin Chanáracha agus na limistéir chósta in oirthear agus i ndeisceart na Spáinne. Tá infheistíochtaí chun réigiúin atá thíos leis an meath déimeagrafacha a dhéanamh níos tarraingtí agus níos iomaíche riachtanach don chóineasú. Thairis sin, is gá fós daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach nó oibrithe scothaosta a imeascadh nó a athimeascadh sa mhargadh saothair, treoraíocht ghairme a neartú, aghaidh a thabhairt ar neamhréir scileanna agus an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, arna bhunú le Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle ([22]), a chur chun feidhme. Rannchuideodh na bearta sin freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís dara chéime de chuid sheirbhísí an Choimisiúin, bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta a tugadh isteach ar bhonn píolótach in 2024. I gcomhréir le hAirteagal 3(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1263, áireofar sa Seimeastar Eorpach faireachas ar chur chun feidhme na dtreoirlínte fostaíochta ag an gCoimisiún, *inter alia* trí chreat chun rioscaí don chóineasú sóisialta a shainaithint. D'fhéadfadh an Spáinn úsáid a bhaint freisin as an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]), chun tacú le claochlú na tionsclaíochta, go háirithe trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt agus monarú teicneolaíochtaí straitéiseacha agus ina slabhraí luacha faoi seach, go háirithe i réimsí na nuálaíochta sa theicneolaíocht dhomhain, na dteicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, na talmhaíochta agus na dteicneolaíochtaí a bhaineann le sláinte.

(24) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a dtugtar aghaidh orthu leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshláin bhreise os comhair na Spáinne a bhaineann le ganntanas uisce agus brú uisce atá suntasach agus méadaitheach. Mar a chonacthas in 2023 agus 2024, tá tréimhsí triomaigh agus cásanna ganntanais uisce ag tarlú níos minice i réigiúin airithe agus níl siad teoranta do mhíonna an tsamhraidh a thuilleadh. Ar na dúshláin is mó sa Spáinn i gcónaí tá éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, mar shampla tuilte, creimeadh cósta agus ithreach, fairsingiú fásaigh, triomaigh, tonnta teasa agus dóiteáin foraoise, a réamh-mheas agus a chosc, agus is í an Spáinn ceann de naBallstáit is mó a ndéantar difear dóibh san Aontas. Meastar go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht agus ar dhéine triomach agus tuilte, rud a dhéanfadh difear diúltach do dhaoine, bithéagsúlacht, airgeadas poiblí agus iomaíochas. Cé go bhfuil bearta sa phlean modhnaithe téarnaimh agus athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais chun staid earnáil an uisce a fheabhsú sa Spáinn, tá gá ann le tuilleadh iarrachtaí, go háirithe i ndáil le bainistiú inbhuanaithe uisce. Le tuilleadh infheistíochta sa bhonneagar, chuideofaí leis an mbainistiú uisce a fheabhsú, lena n-áirítear in earnáil na talmhaíochta — an príomh-thomhaltóir uisce, i gcomhréir le Plean Straitéiseach CBT na Spáinne. I measc na mbeart a bhféadfaí a uas-scálú, tá infheistíocht i mbailiú agus cóireáil fuíolluisce, athúsáid uisce, sceitheadh uisce i líonraí agus sa soláthar uisce ginearálta a laghdú, úsáid barr atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a mhéadú, faireachán níos fearr, réitigh dhúlrabhunaithe, cosc ar thuilte agus athshlánú aibhneacha a chur chun cinn. Ina theannta sin, chabhrófaí leis an leas is fearr a bhaint as na bearta atá ann cheana le sásraí le haghaidh comhordú níos fearr idir leibhéil éagsúla an rialtais, lena n-áirítear sásraí i ndáil le cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach.

(25) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a ranníocaíocht choiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2024, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun an Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro

([21]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

([22]) Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí (IO L 223, 22.6.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2021/1004/oj).

([23]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

a chur chun feidhme. I gcás na Spáinne, cuidíonn moltaí (1), (2) agus (3) leis an an gcéad mholadh, an dara moladh agus an ceathrú moladh a chur chun feidhme, a leagtar amach i Mholadh 2024 maidir leis an limistéar euro,

AG MOLADH LEIS SEO go nglacfaidh an Spáinn gníomhaíocht in 2024 agus in 2025 chun:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a thíolacadh go tráthúil. I gcomhréir le riachtanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás ar ghlanchaiteachas in 2025 go ráta atá comhsheasmhach *inter alia* leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte sa mheántéarma agus le heasnamh ginearálta an rialtais a laghdú faoi luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI. Inbhuanaithe fhioscach a áirithiú lena n-áirítear tríd an méid a leanas a dhéanamh: an córas cánachais a athbhreithniú agus a shimpliú chun tacú le fás eacnamaíoch agus fostaíocht, leis an gcomhtháthú agus leis an aistriú glas; agus cáilíocht, éifeachtúlacht agus cothromas an chaiteachais phoiblí a fheabhsú.

2. An acmhainneacht riaracháin a neartú chun cistí an Aontais a bhainistiú, dlús a chur le hinfheistíochtaí agus móiminteam a choinneáil i gcur chun feidhme na n-athchóirithe. Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha chun gur féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ar bhealach leanúnach pras éifeachtach, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun a áirithiú go dtabharfar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcrích faoi mhí Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme na gclár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs athbhreithniú meántéarma na gclár sin, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, agus na deiseanna a chuireann tionscnamh an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas á gcur san áireamh san am céanna.

3. Feabhas a chur ar bhainistiú uisce chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar an oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide atá ann inniu agus a bheidh ann amach anseo, agus chun athléimneacht fhadtéarmach eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil a áirithiú tríd an méid a leanas a dhéanamh: an comhordú i measc leibhéil uile an rialtais agus an riaracháin a fheabhsú; réitigh atá ann cheana maidir le laghdú baol triomach agus maidir le bainistiú uisce inbhuanaithe sa talmhaíocht, éifeachtúlacht uisce agus infheistíochtaí sa bhonneagar a uas-scálú; agus tacú le réitigh dúlrabhunaithe a fhorbairt.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.